An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí agus Treoir don athbhreithniú ar an tsonraíocht churaclaim

Samhain 2023

## Clár an Ábhair


RÉAMHRÁ - 3 -

FAISNÉIS CHÚLRA - 4 -

Forbhreathnú ar an tsonraíocht - 4 -

Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19 - 5 -

Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach (FWJC15)- 5 -

Forbairtí leanúnacha i bhfoghlaim agus teagasc teanga - 6 -

FORLÉARGAS AR AN BPRÓISEAS ATHBHREITHNITHE - 7 -

Cur chuige modheolaíoch - 7 -

AISEOLAS ÓN ATHBHREITHNIÚ - 10 -

Ag obair leis na snáitheanna, gnéithe agus na torthaí foghlama - 10 -

Pleanáil don teagasc, Foghlaim agus Measúnú - 11 -

Measúnú - 13 -

Aiseolas agus tuairisciú - 19 -

Úsáid na teicneolaíochta - 20 -

Leithdháileadh ama - 21 -

Príomhscileanna - 21 -

Ionchuimsiú - 21 -

Tacaíochtaí i nGaeilge - 22 -

An tAistriú go dtí an tSraith Shinsearach - 22 -

LÉARGAIS LUATHA, MOLTAÍ AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE - 23 -

Aiseolas a bhaineann go díreach le NTI na Sraithe Sóisearaí - 23 -

Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) - 25 -

Na Chéad Chéimeanna Eile - 26 -

AGUISÍN 1: TREOIR D'ATHBHREITHNIÚ NTI NA SRAITHE SÓISEARAÍ - 27 -

TAGAIRTÍ - 30 -

# RÉAMHRÁ

I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), tugadh isteach sonraíocht ábhair nua do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí (NTI na Sraithe Sóisearaí), sonraíocht chomónta don Fhraincis, don Ghearmáinis, don Iodáilis agus don Spáinnis, i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2017. Sceidealaíodh go dtabharfadh CNCM faoi athbhreithniú luath ar an gcur i bhfeidhm nuair a bheadh an cúrsa curtha i gcrích ag an gcéad chohórt daltaí. Faraor, ba ghá an t-athbhreithniú a chur ar athló go dtí an scoilbhliain 2022-23 mar gheall ar chur isteach de bharr phaindéim Covid-19.

Cé go raibh taithí trí bliana ag na scoláirí agus na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú seo ar an gcuraclam, níor ghá dóibh Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh mar gheall ar na hoiriúnuithe don mheasúnú a tugadh isteach le cur san áireamh gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí le linn na paindéime.

Cuireadh an t-athbhreithniú luath ar an gcur i bhfeidhm i gcrích i R1, 2023, chun aiseolas a thiomsú agus na nithe seo a leanas a fhiosrú:

- an chaoi a bhfuil ag éirí leis an tsonraíocht an fhoghlaim lena bhfuiltear ag súil san ábhar agus sa Chreat don tSraith Shóisearach go ginearálta
- gnéithe measúnaithe de na hábhair agus tuairimí na scoláirí agus na múinteoirí orthu
- conas a úsáideann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil d'fhonn an tsonraíocht nua a stiúradh sna scoileanna agus sna seomraí ranga.

Cuirtear tús leis an tuarascáil seo trí eolas cúlra a thabhairt a chabhraíonn leis an athbhreithniú agus léargas ginearálta ar an gcomhairliúchán a rinneadh mar chuid den athbhreithniú a chur i gcomhthéacs, agus ina dhiaidh sin tugtar léargas ar thaithí le Nuatheangacha Iasachta na sraithe sóisearaí. Rinne CNCM torthaí na tuarascála a bhreithniú i dtéarmaí na n-impleachtaí féideartha ar obair CNCM agus ar obair páirtithe leasmhara eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Sa chuid dheireanach den cháipéis leagtar amach na céad chéimeanna eile molta do fhreagra ar na torthaí a thagann aníos ón athbhreithniú luath seo.

Ar deireadh, tá an Treoir d'athbhreithniú a dhéanamh ar shonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí leagtha amach in Aguisín 1, atá deartha chun obair na meithle forbartha a threorú maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an tsonraíocht bunaithe ar na léargais agus na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú seo.

# Faisnéis chúlra

Sa chuid seo, tugtar forléargas achomair ar an tsonraíocht churaclaim, ar na socruithe measúnaithe beartaithe a bhaineann léi agus ar na coigeartuithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19, agus an staidéar taighde fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach, nithe arb ionann iad go léir agus faisnéis thábhachtach chomhthéacsúil agus breithniú á dhéanamh ar na torthaí thíos.

## Forbhreathnú ar an tsonraíocht

Tá an tsonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí dírithe ar 200 uair ar a laghad de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama agus tá sí eagraithe de réir trí shnáithe chomhtháite. Tá tuilleadh miondealaithe déanta ar na snáitheanna sin ag baint úsáid as aon ghné déag. Tugtar achoimre ar na snáithe agus ar na gnéithe gaolmhara sa tábla thíos. Tugtar cuntas ar na torthaí foghlama a bhaineann le gach gné sa tsonraíocht, ar féidir teacht uirthi anseo.

**Tábla 1: Achoimre ar Shnáitheanna agus Gnéithe**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Snáitheanna** | **Snáithe 1**<br>**Inniúlacht chumarsáideach**<br>baineann inniúlacht chumarsáideach le forbairt ar chumas an scoláire chun cumarsáid fhiúntach a dhéanamh sa sprioctheanga. | **Snáithe 2**<br>**Feasacht Teanga**<br>i bhFeasacht Teanga, feabhsaítear an fheasacht ghinearálta atá ag an scoláire ar theangacha. | **Snáithe 3**<br>**Eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha**<br>in eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha, tugtar rochtain don scoláire ar ghnéithe nua cultúrtha agus spreagtar é le machnamh a dhéanamh ar a chultúr féin. |
| **Gnéithe** | Éisteacht | Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an sprioctheanga | Foghlaim faoi fhíricí ábhartha, faoi dhaoine, faoi áiteanna agus faoi stair na tíre/na dtíortha a bhaineann leis an sprioctheanga |
| | Léitheoireacht | Comparáid a dhéanamh idir an sprioctheanga agus teangacha eile atá ag an scoláire | Ag foghlaim faoi thraidisiúin, faoi ghnásanna agus faoi iompraíochtaí |
| | Táirgeadh labhartha<br>Idirghníomhú labhartha | Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a | Cultúr a thíre dúchais féin a chur i gcomparáid le cultúr |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Scríbhneoireacht | bhfoghlaimíonn sé teangacha | na tíre/dtíortha a bhaineann leis an sprioctheanga |

Tá dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i gceist leis an measúnú ar Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí (MRBanna), MRB 1: *Cumarsáid ó Bhéal* agus MRB 2: *Punann Teanga an Scoláire* (PTS), Tasc Measúnaithe (TM) atá bainte le MRB 2: *Punann Teanga an Scoláire* agus scrúdú deiridh. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanann an dá cheann acu a mheasúnú.

## Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19

Bhí an chéad chohórt de scoláirí chun staidéar a dhéanamh ar shonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí ceaptha a dtrí bliana staidéir a chur i gcrích i Meitheamh 2020. Ar an 29 Aibreán, 2020, agus mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar phaindéim Covid-19, cuireadh scrúduithe uile na sraithe sóisearaí ar ceal. As sin go gceann trí bliana, cuireadh socruithe measúnaithe malartacha i bhfeidhm le cur san áireamh gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí le linn na paindéime.

I gcás na Nuatheangacha Iasachta, chiallaigh sé sin gur cuireadh MRB 2 agus an TM ar ceal ó 2021 go 2023 agus go ndearnadh an chéad scrúdú deiridh, gan an AT san áireamh,, in 2022. Ní bhfaighfear taithí ar an gcéad réimse iomlán measúnuithe beartaithe atá leagtha amach thuas go dtí an bhliain acadúil, 2024–25, ar a luaithe.

## Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach (FWJC15)

Cuireadh tús le staidéar fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar an FWJC15 i ndeireadh 2020. Is é is aidhm leis an staidéar ceithre-bliana seo, bunaithe ar shampla ionadaíoch náisiúnta, ná dearcthaí na múinteoirí, na bpríomhoidí, na scoláirí, na dtuismitheoirí agus na bpáirtithe leasmhara níos leithne an oideachais a fháil ar an FWJC15. Mar staidéar fadaimseartha, déanfar iniúchadh ar thaithí na scoileanna thar thréimhse ceithre bliana, d'fhonn castacht, dúshláin agus rath i rith an FWJC15 a ghabháil. Is taighde modhanna measctha, iltoiseach é seo atá idir lámha ag foireann taighde in Ollscoil Luimnigh thar ceann CNCM. Go dtí seo, foilsíodh dhá thuarascáil eatramhacha agus tá an tríú tuarascáil le foilsiú in Earrach 2024.

Beidh torthaí an staidéir seo, in éineacht le torthaí shraith athbhreithnithe luatha curtha i bhfeidhm na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí mar chabhair iontach chun tacú le hobair leanúnach na scoile leis an FWJC15 agus chun eolas a dhéanamh d'obair CNCM chun athchuairt a thabhairt ar an gCreat agus é a nuashonrú, más gá agus aon áit ar gá, chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin. Lena chois sin, baileoidh an staidéar eolas tábhachtach a bhaineann go sonrach leis an ábhar, a mbeidh gá machnamh a dhéanamh air in éineacht leis na léargais ón athbhreithniú seo nuair a sceidealófar athfhorbairt Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí.

## Forbairtí leanúnacha i bhfoghlaim agus teagasc teanga

Tá obair fhairsing déanta ag Comhairle na hEorpa ar oideachas teanga ó na 1970idí i leith. Sheol sí **an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)** in 2001. Baineadh úsáid as FTCE go hidirnáisiúnta le haghaidh oideachas teanga chun:

- foghlaim agus teagasc na nuatheangacha a chur chun cinn agus tacú leo
- idirphlé idirchultúrtha a fheabhsú, agus comhthuiscint, comhtháthú agus daonlathas sóisialta a fheabhsú dá réir
- éagsúlacht teanga agus chultúrtha a chosaint san Eoraip
- an ceart chun oideachais d'ardchaighdeán a chur chun cinn do chách.

Tá torthaí foghlama de shonraíocht Nuatheangacha na Sraithe Sóisearaí ag teacht a bheag nó a mhór le FTCE (A1-A2). Rinneadh uasdátú ar FTCE in 2018 le seoladh an **Chomhleabhair a ghabhann le FTCE.** Tar éis comhairliúcháin agus rannpháirtíochta ó pháirtithe leasmhara ar fud na hEorpa, foilsíodh an leagan deiridh den Chomhleabhar a ghabhann le FTCE in 2020. Athraíodh an téarmaíocht a úsáidtear i dtuairiscíní go mbeidh sí neodrach ó thaobh inscne de agus ionchuimsitheach ó thaobh módúlachta de. Dá bhrí sin, tá "éisteacht" agus "labhairt" athraithe go dtí na téarmaí níos ionchuimsithí "tuiscint" agus "léiriú béil" faoi seach. Rinneadh athruithe freisin ar thuairiscíní áirithe chun an cainteoir dúchais idéalaithe a bhaint mar phointe tagartha de chumas úsáideora/foghlaimeora teanga. Cé go bhfuil torthaí foghlama de shonraíocht Nuatheangacha na Sraithe Sóisearaí ag teacht a bheag nó a mhór le FTCE 2001 agus lena thuairiscíní, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur foilsíodh an Comhleabhar a ghabhann le FTCE tar éis fhorbairt na sonraíochta.

# Forléargas ar an bpróiseas athbhreithnithe

Is é ceann de phríomhchuspóirí an phróisis athbhreithnithe ná tuairimí a lorg ó mhúinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara faoina dtaithí ag cur an churaclaim i bhfeidhm. Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle (CNCM, 2022b). Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu agus ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023 - 2026) CNCM, mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú

Tugtar breac-chuntas ar na réimsí treorach agus na hábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú i dTábla 2 thíos.

**Tábla 2: Réimsí agus ábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú**

| Réimse | Ábhair iniúchta |
|---|---|
| **Ag obair leis an tsonraíocht** | Léargas ginearálta ar an gcúrsa<br>Ag obair le torthaí foghlama<br>Pleanáil don fhoghlaim, teagasc agus measúnú |
| **Measúnú** | Measúnú leanúnach<br>Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe (CBAnna)<br>Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)<br>Léargas ar úsáid samplaí d'obair an scoláire<br>An Measúnú Deiridh |
| **Aiseolas agus tuairisciú** | Tuairisciú leanúnach agus ag úsáid Gnéithe Cáilíochta |
| **Réimsí eile plé** | Úsáid na teicneolaíochta<br>An t-am a thugtar<br>Príomhscileanna<br>Cuimsiú<br>Acmhainní i nGaeilge<br>An t-aistriú chuig an tsraith shinsearach |

## Cur chuige modheolaíoch

Rinneadh an t-athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm luath seo in éineacht le hathbhreithniú cur i bhfeidhm luath Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí ó mhí Feabhra go Márta 2023 de réir leagan amach aontaithe ag an gComhairle agus ag an mBord don tSraith Shóisearach le haghaidh athbhreithnithe cur i bhfeidhm luatha cosúla ar ábhair na sraithe sóisearaí i gCéim 1 agus 2 (Béarla, Eolaíocht agus Gnó). Bailíodh aiseolas ar na bealaí seo a leanas:

- cuairteanna scoile chun dearcthaí agus taithí mhúinteoirí NTI agus na scoláirí ón 2 - 6 bliain a ghabháil
- cruinnithe fócasghrúpaí réigiúnacha i Luimneach, Gaillimh agus Baile Átha Cliath (24 rannpháirtí)
- suirbhé ar líne (57 freagra)
- aighneachtaí scríofa (5 aighneacht).

Iarradh cead ó scoláirí agus daoine fásta a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine as a rannpháirtíocht sa chomhairliúchán. Iarradh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na cuairteanna scoile agus na hagallaimh ar líne a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás inar thug eagraíocht cead follasach go n-aithneofaí í mar eagraíocht a chuir leis an gcomhairliúchán trí aighneachtaí scríofa.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí, bunaithe ar thacar de théamaí treoracha a bhí in úsáid ar feadh an athbhreithnithe. Chabhraigh sé seo chun téamaí sna sonraí a bailíodh a shainaithint agus a anailísiú. Scríobhtar sleachta athfhriotail ó rannpháirtithe agus ó pháirtithe leasmhara i gcló iodálach ar fud na tuarascála – aistríodh na hathfhriotail go Gaeilge nuair ab gá.

## Cuairteanna scoile

Piocadh na scoileanna a roghnaíodh le haghaidh cuairteanna as sampla sraithe de sheacht scoil as na scoileanna a d'fhreagair do ghairm oscailte chun páirt a ghlacadh san athbhreithniú. Bhí 126 freagra ar an ngairm oscailte seo, agus léirítear briseadh síos na scoileanna roghnaithe i dTábla 3 thíos. B'éigean do dhá scoil tarraingt siar as an bpróiseas ar ghearrfhógra. Mar gheall ar dhearadh an sceidil athbhreithnithe, níorbh fhéidir na cuairteanna seo a athsceidealú chun scoileanna eile a éascú ó liosta na bhfreagróirí a raibh suim acu in am. Bhí dhá fhócasghrúpa sna cuairteanna scoile le scoláirí ón 2$^{Ú}$ go 6$^{Ú}$ bliain, agus na múinteoirí NTI.

**Tábla 3: Briseadh síos na scoileanna a roghnaíodh don athbhreithniú**

| Briseadh síos de réir chineál scoile | Staitisticí náisiúnta (%) | Líon na scoileanna a roghnaíodh | Ionadaíoch % |
|---|---|---|---|
| BOO | 35% | 2 | 28.5% |
| Meánscoil Dheonach | 50% | 5 | 71.5% |
| Beag (1 – 400) | 38% | 1 | 14.3% |
| Meánach (401 – 800) | 46% | 4 | 57.2% |
| Mór (801+) | 16% | 2 | 28.5% |
| DEIS | 27% | 2 | 28.5% |
| Measctha | 70% | 5 | 71.4% |

*(tabhair faoi deara: b'éigean do dhá scoil tarraingt siar ar chúiseanna nach raibh súil leo. Tá na scoileanna seo san áireamh sa liosta thuas.)*

Sampla randamaithe ab ea na scoláirí a roghnaíodh do na fócasghrúpaí a roghnaigh na múinteoirí NTI sa scoil sin. Roghnaíodh iad ó shampla de ranganna ón $2^{\text{Ú}}$ go $6^{\text{Ú}}$ bliain, an Idirbhliain san áireamh. Bhí na múinteoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí le linn na gcuairteanna scoile ina mbaill de roinn an NTI de gach scoil. Léiríodh na ceithre theanga churaclaim (Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis) ar fud an ghrúpa scoileanna.

### Cruinnithe le fócasghrúpaí réigiúnacha

Bhí na daoine ag na fócasghrúpaí réigiúnacha ábalta féinroghnú a dhéanamh don imeacht ar mhaith leo freastal air trí chlárú ar an suíomh gréasáin. Cuireadh na himeachtaí seo chun cinn trí ardáin meán sóisialta CNCM (Twitter, Facebook, Instagram agus LinkedIn). Seoladh cuirí amach chomh maith chuig páirtithe leasmhara agus páirtithe oideachais eile. I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí múinteoirí NTI agus ionadaithe ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

### Déan suirbhé

Úsáideadh suirbhé chun aiseolas a bhailiú ó aon duine a raibh ag iarraidh a gcuid taithí ar Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí a roinnt. Roinneadh é seo ar líne trí www.ncca.ie, agus ar fud ardáin meán sóisialta CNCM (Twitter, Facebook, Instagram agus LinkedIn). Cuireadh 57 freagairt ar an suirbhé isteach. Tá briseadh síos ar rannpháirtithe an tsuirbhé ar fáil thíos. D'fhéadfadh rannpháirtithe freagra amháin nó níos mó a roghnú.

**Tábla 4: Miondealú rannpháirtithe an tsuirbhé**

| Miondealú rannpháirtithe an tsuirbhé | Líon na rannpháirtithe |
|---|---|
| Múinteoir iar-bhunscoile (Fraincis) | 30 |
| Múinteoir iar-bhunscoile (Gearmáinis) | 17 |
| Múinteoir iar-bhunscoile (Spáinnis) | 14 |
| Múinteoir iar-bhunscoile (Iodáilis) | 2 |
| Múinteoir iar-bhunscoile (nach bhfuil NTI á múineadh acu) | 1 |
| Tuismitheoir | 12 |
| Cuirfear | 1 |
| Oideoir múinteoirí | 1 |

### Aighneachtaí Scríofa

Rinneadh cuireadh oscailte chuig aighneachtaí i scríbhinn tríd www.ncca.ie, a roinneadh go díreach lenár bpáirtithe oideachasúla. Fuarthas aighneachtaí i scríbhinn ó na 5 pháirtí leasmhara seo a leanas:

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) Foireann NTI
- An Roinn Oideachais (RO) Cigirí na Nuatheangacha Iasachta
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)
- Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann (PPLI).

## Aiseolas ón athbhreithniú

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an athbhreithnithe. Chuir na réimsí treorach don phlé a úsáideadh i gcaitheamh an athbhreithnithe (Tábla 2) anailís an aiseolais a fuarthas le chéile. Léirítear formhór an aiseolais de réir téamaí agus, san áit gurb amhlaidh atá, bíonn dearcthaí agus léargais ó réimse leathan rannpháirtithe. Faigheann an scoláire agus an múinteoir cleachtadh ar go leor gnéithe den tsraith shóisearach ar bhealach comhtháite. Dá bhrí sin, beidh roinnt gnéithe coiteanna thar na réimsí aiseolais soiléir thíos.

### Ag obair leis na snáitheanna, gnéithe agus na torthaí foghlama

Thuairiscigh formhór na bhfreagróirí go raibh na torthaí foghlama soiléir agus gur léirigh siad cad ba cheart do scoláirí a bheith in ann a bhaint amach ag deireadh na dtrí bliana den tsraith shóisearach. Leag roinnt rannpháirtithe béim ar na deiseanna a ghabhann le torthaí foghlama, lena n-áirítear leibhéal níos airde de neamhspleáchas múinteoirí agus an tsaoirse ábhar a roghnú atá ábhartha dá bhfoghlaimeoirí ó thaobh comhthéacs de. Mar a dúirt múinteoir amháin maidir leis seo,

> *Is féidir le gach múinteoir ar leith rogha a dhéanamh tús áite a thabhairt do réimsí éagsúla. Sílim gur torthaí foghlama cuí iad ar an iomlán do scoláirí chun leibhéal réamh-mheánleibhéil Spáinnise a bhaint amach.* (Múinteoir, Suirbhé)

> *Ar an iomlán, tá cur chuige na dtorthaí foghlama maidir le pleanáil don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú ag teacht go maith leis an gcur chuige cumarsáideach. Cruthaíonn siad réasúnaíocht atá mar athrú spreagúil a dhéanann pleanáil a shaoradh agus a thagann go maith le cleachtais an-éifeachtach maidir le cuir chuige teagaisc, pointí measúnaithe agus úinéireacht foghlama an scoláire a chothú.* (Múinteoir, Cuairt Scoile)

Thuairiscigh múinteoirí roinnt dúshlán freisin maidir le bheith ag obair le torthaí foghlama a bhaineann le sonraíocht NTI. Thuairiscigh go leor rannpháirtithe, cé go bhfuil siad scríofa i dteanga shoiléir inrochtana, go bhfuil dúshlán ag baint lena leithne is atá siad agus iad ag pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim.

Luaigh roinnt freagróirí an gá atá le heochairfhocail áirithe a shoiléiriú ar nós "*topaicí coitianta*", "*straitéisí*", "*teicneolaíochtaí digiteacha*". Chuir roinnt múinteoirí an tuairim in iúl go bhféadfadh go bhfuil an iomarca torthaí foghlama ann. Thagair rannpháirtithe eile do chuid de na "briathra gnímh" sna torthaí foghlama a bhí doiléir nó a d'fhéadfadh a bheith ródheacair don scoláire.

Go ginearálta, bhraith múinteoirí go raibh nádúr comhtháite na sonraíochta an-tábhachtach, agus úsáideach le teanga a mhúineadh ar bhealach cumarsáideach. Ag an am céanna, thuairiscigh siad go raibh sé seo ar cheann de na gnéithe ba dhúshlánaí a bhain le bheith ag obair leis an tsonraíocht.

Bhí cur amach ag formhór na múinteoirí ar an téarmaíocht a úsáideadh do na gnéithe i snáithe 1, mar thagraíonn na gnéithe seo do scileanna teanga. Mar sin féin, cheistigh roinnt múinteoirí easpa leanúnachais a tugadh faoi deara i struchtúr shonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí agus an chaoi a bhfuil sí difriúil le struchtúr Chomhleabhar FTCE agus sonraíochtaí teanga nua na hArdteistiméireachta.

> *B'fhearr liom go mbeadh an tsonraíocht ag teacht go díreach le FTCE. Ní fheicim aon chúis go bhfuil difríochtaí ann.* (Múinteoir, Suirbhé)

Cé go raibh aiseolas na múinteoirí ar shnáithe 3 an-dearfach i gcoitinne agus go raibh meas acu ar an bhforbairt ar eolas soch-chultúrtha agus ar fheasacht idirchultúrtha, d'admhaigh cuid mhór múinteoirí gur dhírigh siad níos mó ar thorthaí foghlama i snáithe 1, go háirithe nuair a mhothaigh siad go raibh siad faoi bhrú ama. Thug roinnt múinteoirí faoi deara go bhféadfaí níos lú airde a thabhairt ar thorthaí foghlama shnáithe 3 uaireanta toisc nach ndéanadh measúnú orthu sa scrúdú deiridh.

> *Scrúdú éisteachta agus léamhthuiscint atá i gceist, níl aon luach saothair ag baint leis na snáitheanna eile ann.* (Múinteoir, Cuairt Scoile)

Léirigh scoláirí an tuairim seo freisin, thuairiscigh siad leibhéil éagsúla rannpháirtíochta sa seomra ranga leis na torthaí foghlama ó shnáithe 3, i gcomparáid leo siúd i snáitheanna eile. Léirigh siad roinnt frustrachais freisin nach raibh béim níos mó ar na torthaí foghlama seo a mheas sa scrúdú deiridh.

Rinne Coimisiún na Scrúduithe Stáit treisiú ar an tuairim gur dheacair measúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama i snáitheanna 2 agus 3, ar thug a aighneacht i scríbhinn le fios go gcaithfí cuid de na torthaí foghlama a leasú chun measúnú a éascú i scrúdú scríofa.

> *Cé go gcuireann torthaí i snáithe 2 agus 3 leo go hindíreach – tríd an nádúr comhtháite atá beartaithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí foghlama agus le gnóthachtáil sa scrúdú ar bhealach eile, ní dhírítear go díreach orthu. Dá ndéanfaí an fhoclaíocht a athrú ar chuid de na T.Fanna i Snáitheanna 2 agus 3 chuirfeadh sé níos fearr lena measúnú sa scrúdú deiridh.* (Aighneacht i scríbhinn, Coimisiún na Scrúduithe Stáit)

Bhraith go leor múinteoirí gur uirlis úsáideach don mhachnamh a bhí sna torthaí foghlama. Chomh maith le machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin, thuairiscigh go leor múinteoirí gur baineadh úsáid astu le scoláirí le machnamh a dhéanamh ar an méid a bhí de chumas ag scoláirí ag pointe áirithe ama le linn na dtrí bliana den tsraith shóisearach. Thuairiscigh siad úsáid a bhaint as na torthaí foghlama mar phointí tagartha agus dul chun cinn na scoláirí á phlé le tuismitheoirí, agus thuairiscigh go leor múinteoirí gur chabhraigh sé leo aiseolas múnlaitheach a thabhairt do scoláirí.

## Pleanáil don teagasc, Foghlaim agus Measúnú

Is sonraíocht chomónta í sonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí ar fud na Fraincise, na Gearmáinise, na hIodáilise agus na Spáinnise. Cé go raibh siollabas an Teastais Shóisearaigh (agus na hArdteiste) don Fhraincis, don Ghearmáinis, don Iodáilis agus don Spáinnis go díreach mar an gcéanna ó na 1980idí i leith, bhí a ndoiciméad siollabais féin ag gach teanga. Tá aiseolas dearfach chomh maith le haiseolas diúltach faighte ag an aistriú go sonraíocht chomónta. Thuairiscigh múinteoirí cur chuige níos comhoibrithí maidir le pleanáil ar fud teangacha éagsúla, rud a fheictear mar fhorbairt a raibh fáilte curtha roimpi ag formhór na múinteoirí. Luaigh Cigireacht na Roinne Oideachais seo freisin ag rá

> *Luaitear forbairt roinne NTI chomh maith le forbairt ar phlean ábhair ginearálta NTI i dtuarascálacha cigireachta ábhair. Is céim dhearfach í seo, go háirithe i scoileanna ina bhfuil líon beag múinteoirí teanga, mar go dtacaíonn sí le pleanáil agus plé comhoibríoch.* (Aighneacht i scríbhinn, Cigireacht RO)

B'iondúil nasc idir muinín agus inniúlacht ar úsáid na sonraíochta chun ceachtanna a phleanáil agus leibhéal an chleachtais chomhoibrithigh taobh istigh de roinn NTI na scoile. Thuairiscigh múinteoirí a shonraigh leibhéal ard rannpháirtíochta leis na torthaí foghlama chomh maith go raibh méadú tagtha ar a leibhéal muiníne sa phleanáil le himeacht ama.

Luaigh go leor múinteoirí na buntáistí a bhaineann le comhoibriú méadaithe ar nós plé gairmiúil agus acmhainní agus saineolas a roinnt. I gcás go leor múinteoirí, is é an príomhdhúshlán ná an t-am a fháil le pleanáil éifeachtach a dhéanamh. Mar gheall ar an tsonraíocht chomónta nua agus gá níos mó le pleanáil chomhoibríoch ar fud teangacha, thuairiscigh múinteoirí laghdú ar phleanáil atá dírithe ar theanga, rud a bhí ina dhúshlán. Thuairiscigh go leor múinteoirí go raibh cur chuige comhoibríoch maidir le pleanáil do gach NTI ródhocht agus dolúbtha agus nár cheadaigh sé neamhspleáchas múinteoirí. Chonaic na múinteoirí seo an luach i gcur chuige roinne NTI maidir le roinnt gnéithe den phleanáil ach mheas siad nach raibh dóthain fócais ar phleanáil aonair a d'fhéadfadh a bheith níos freagrúla do riachtanais an scoláire.

> *Ní mór aonaid a dhearadh mar fhreagra ar fhoghlaim an scoláire agus ar riachtanais an scoláire. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh riachtanas difriúil i ranganna Fraincise i gcomparáid le ranganna Gearmáinise. Conas a dhéanaimid pleanáil i gcomhar lena chéile do thaithí atá leathan go leor chun freastal ar riachtanais gach duine?* (Múinteoir, Suirbhé)

Mhol múinteoirí go raibh gá le tuilleadh soiléireachta faoi ról na pleanála aonair agus na pleanála comhoibrithí do mhúinteoirí teanga aonair agus do ranna NTI.

Agus an pointe tagartha óna ndéanann múinteoirí a gceachtanna a phleanáil á phlé, mheas roinnt rannpháirtithe go raibh na torthaí foghlama cabhrach maidir leis seo, agus luaigh cuid eile gurbh é an scrúdú deiridh agus an téacsleabhar a roghnaigh siad a bpointe tagartha don phleanáil agus go leanann siad orthu ag múineadh na dtopaicí agus na dtéamaí céanna a mhúin siad i gcónaí.

Sa chás inar mheas rannpháirtithe gur cheart an tsonraíocht a bheith níos saintreoraí, b'iondúil gur mhó an bhéim a cuireadh ar an scrúdú deiridh i dtaca le teorainneacha a shocrú don fhoghlaim. Bhí tuiscint mhaith ag na rannpháirtithe go léir go bhfuil tionchar láidir ag ábhar an scrúdaithe deiridh ar an mbealach a bhfuil siad ag pleanáil agus ag múineadh. Labhair daoine eile ar a dheacra a bhíonn sé, in amanna, a dhéanamh amach go bhfuil na torthaí foghlama 'clúdaithe' agus cé acu de na nithe a bhaineann léi is inscrúdaithe.

Léirigh múinteoirí go bhfuil gá le níos mó soiléireachta agus treoirlínte maidir le torthaí foghlama a úsáid chun pleanáil le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Mhothaigh go leor múinteoirí go raibh an cur chuige a leanadh le linn imeachtaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí dírithe ar phleanáil chomhoibritheach den chuid is mó, ach chuir múinteoirí in iúl go raibh gá le níos mó FGL a bhaineann go sonrach le teanga chun tacú leo torthaí foghlama a úsáid ar bhonn solúbtha agus neamhspleách. Bhí comhdhearcadh láidir eatarthu go gcabhródh treoirlínte soiléire nó samplaí

soiléire pleanála mar aon le cur chuige níos solúbtha i leith pleanála mar roinn NTI leo pleanáil níos éifeachtaí a dhéanamh.

## Measúnú

### Measúnú leanúnach

Bhí fianaise láidir san athbhreithniú ar fud gach modh rannpháirtíochta go raibh tionchar dearfach ag cur i bhfeidhm an FWJC15 ar mheasúnú leanúnach i Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí agus cleachtais mheasúnaithe níos éagsúla á n-úsáid go rialta. Mar a luadh thuas, thuairiscigh múinteoirí gur bhain siad úsáid as torthaí foghlama le scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama.

Agus cur síos á dhéanamh acu ar an mbealach a ndearnadh measúnú ar a gcuid foghlama i Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, léirigh scoláirí go raibh an-chur amach acu ar theanga an mheasúnaithe mhúnlaithigh, léirigh siad cur amach éigin ar na Gnéithe Cáilíochta a bhaineann le MRBanna, agus bhí an-chur amach acu ar na tuairiscíní ar leibhéal na gnóthachtála in MRBanna, chomh maith leis na tuairiscíní gráid don scrúdú deiridh. Nuair a cuireadh ceist orthu ar ghnáthbhealaí inar measúnaíodh a gcuid foghlama, thagair go leor do mhodhanna éagsúla measúnaithe. Bhí taithí acu go léir ar thrialacha, scrúduithe, agus MRBanna, chomh maith le tascanna, obair thionscadail, seiceálacha neamhfhoirmiúla ar a gcuid foghlama le linn ceachtanna teanga chomh maith le hobair bhaile. Luaigh líon beag scoláirí a bpunann mar mhodh measúnaithe. Sa chás gur bhain scoláirí úsáid as punann, thagair cuid acu freisin don bhealach ar chabhraigh sé leo ina scrúdú. Chomh maith leis sin, rinne roinnt scoláirí scrúduithe cainte lena múinteoirí i rith na Sraithe Sóisearaí.

### Measúnuithe Rangbhunaithe

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil taithí an-teoranta ag formhór na múinteoirí agus na scoláirí ar MRB 2, toisc nach bhfuil sé seo curtha i gcrích ach ó 2021. Dá bhrí sin, tá an chuid is mó den aiseolas a bhaineann le MRBanna ag déanamh tagairt do MRB 1, Cumarsáid ó Bhéal.

#### MRB 1 Cumarsáid ó Bhéal: Forléargas

Tá sé mar aidhm ag MRB 1 scileanna an scoláire maidir le cur i láthair agus idirghníomhú ó bhéal a fhorbairt agus a fheabhsú. Roghnaíonn an scoláire agallamh, rólimirt, cur i láthair nó comhrá mar fhreagra ar ábhar spreagthach chun an MRB seo a chríochnú. Leantar seo le roinnt ceisteanna simplí, neamhscriptithe ón múinteoir a oireann d'aois agus don chéim foghlama teanga.

#### Aiseolas ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1

Bhí an t-aiseolas maidir le MRB 1 thar a bheith dearfach. Chonaic formhór na bhfreagróirí é seo mar cheann de na gnéithe is dearfaí den chúrsa nua. Thagair siad do mhuinín mhéadaithe i labhairt na sprioctheanga, neamhspleáchas foghlaimeoirí, cruthaitheacht mhéadaithe, rannpháirtíocht scoláirí mhéadaithe chomh maith le forbairt ar Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Thuairiscigh go leor rannpháirtithe go raibh tionchar dearfach ag an MRB seo ar theagasc agus ar fhoghlaim de bharr go bhfuil méadú déanta ar an bhfócas ar chumarsáid ó bhéal ón gcéad bhliain ar aghaidh, rud a raibh níos mó muiníne agus inniúlacht ó bhéal fheabhsaithe mar thoradh air chomh maith le fonn méadaithe na scoláirí an sprioctheanga a labhairt. Thuairiscigh go leor múinteoirí go raibh na scileanna a forbraíodh le linn MRB 1 an-úsáideach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

> *Muinín scoláirí á fheabhsú, béim á cur ar tháirgeadh agus idirghníomhú labhartha rud a cheapaim atá go hiontach. Cumarsáid níos fiúntaí. Tá leibhéal comónta iontach do ranganna cumais mheasctha. Ar an iomlán, braithim go bhfuil níos mó muiníne ag scoláirí mar fhoghlaimeoirí teanga.* (Múinteoir, Suirbhé)

Luaigh go leor múinteoirí an fhéidearthacht MRB 1 a úsáid mar mheasúnú cuimsitheach, go háirithe nuair a bhí na scoláirí mar chuid de ghrúpa.

B'iondúil nasc idir an taitneamh a bhain na scoláirí as MRB 1 agus an leibhéal rogha agus cruthaitheachta a bhí acu agus a MRB á chríochnú acu. Labhair idir scoláirí agus mhúinteoirí a rinne MRB 1 a chomhtháthú ina gcleachtas laethúil sa seomra ranga go dearfach faoin taithí. Nuair a bhí an tsaoirse ag scoláirí an fhormáid agus an topaic a roghnú, fuair siad taithí ar an MRB mar dheis chun an teanga a úsáid agus a gcuid scileanna taighde agus cur i láthair ó bhéal a fhorbairt. Thuairiscigh scoláirí níos lú rannpháirtíochta agus taitnimh i dtaobh an phróisis nuair a bhí teorainn lena rogha agus lena neamhspleáchas. Thuairiscigh roinnt scoláirí go raibh frustrachas orthu toisc gur fhéach siad ar chuspóir a MRB mar mheasúnú ar scileanna teanga amháin. Thuairiscigh na scoláirí seo go ndearna siad a MRB dá múinteoir agus nach raibh aon rannpháirtíocht ann óna gcomhscoláirí, agus go raibh sé de nós acu féachaint ar MRB 1 mar rud ar bheagán luacha.

Ar an mbealach céanna, nuair a bhreathnaigh múinteoirí ar MRB 1 mar dheis a bheith cruthaitheach, neamhspleách agus mar dheis taitneamh a bhaint as an eispéireas foghlama teanga, thuairiscigh siad leibhéil arda rannpháirtíochta agus mheas siad gur eispéireas an-dearfach é MRB 1. Luaigh siad go minic go dtacaíonn MRB 1 le forbairt go leor, nó gach ceann, de Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí agus fuair siad gur eispéireas luachmhar ab ea é.

Nuair a thuairiscigh múinteoirí gur laghdaíodh an ghné rogha do scoláirí ar mhaithe le machnamh a dhéanamh ar an méid a bhí clúdaithe sa rang, bhraith siad, cé go raibh a gcuid scoláirí ullmhaithe níos fearr chun an teanga a bhí foghlamtha acu sa rang a úsáid, nach raibh an t-eispéireas chomh dearfach céanna ar an iomlán, agus nach raibh na scoláirí chomh tógtha céanna.

Chuir próiseas MRB roinnt dúshlán roimh rannpháirtithe freisin. Ba iad na príomhdhúshláin a aithníodh ná leibhéil mhéadaithe struis agus imní, agus braitheadh go raibh easpa luacha le hiarrachtaí na scoláirí. Ar a bharr sin, bhí comhdhearcadh láidir ann nach bhfuil inniúlacht teanga na scoláirí ag deireadh an dara bliain ard go leor le haghaidh tasc cumarsáide ó bhéal de 3-4 nóiméad, go háirithe nuair a spreagtar scoláirí chun taighde a dhéanamh ar ábhair spéise.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara anseo gur thuairiscigh go leor múinteoirí go raibh tionchar diúltach ag paindéim Covid-19 agus na srianta a bhain léi ar mhuinín na scoláirí agus ar a gcleachtas sa seomra ranga toisc go raibh tionchar mór ag an bhfoghlaim ar líne ar chumarsáid ó bhéal agus ag bearta cosanta cosúil le scaradh sóisialta agus caitheamh masc i scoileanna.

Cé gur tuairiscíodh go fóill go raibh tionchar dearfach ag MRB 1 ar inniúlacht ó bhéal, bhí aiféala ar mhúinteoirí agus ar roinnt scoláirí nach raibh scrúdú cainte ann a ndearnadh measúnú seachtrach air. Nuair a rinneadh iniúchadh ar an bhféidearthacht MRB 1 a úsáid mar mheasúnú ar scileanna teanga béil, ba mhinic a dúirt na scoláirí gur bhreathnaigh siad ar MRB 1 mar mheasúnú de chineál eile, rud a bhí an-taitneamhach agus an-tábhachtach, ach rud nár tháinig in áit an ghá a bhí le scrúdú béil foirmiúil.

**Measúnú Rangbhunaithe 2: Punann Teanga an Scoláire (PTS): Forléargas**

Forbróidh gach scoláire punann teanga thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Déanann an scoláire na nithe seo:
dírítear sa phunann teanga ar an bpróiseas foghlama teanga agus cuirtear an foghlaimeoir i gcroílár an teagaisc, an mheasúnaithe agus na foghlama. Éilíonn an dara Measúnú Rangbhunaithe go roghnóidh scoláirí trí phíosa astu sin a cuireadh le chéile thar thréimhse ama agus iad a chur i láthair le haghaidh measúnaithe. (Sonraíocht NTI, lch 21)

**Aiseolas ar MRB 2**

Bhí sé an-soiléir ón aiseolas, nár bhain go leor múinteoirí úsáid as PTSanna le linn dóibh staidéar a dhéanamh ar an ábhar mar gheall ar MRB 2 a bheith curtha ar ceal de bharr Covid. Bhí ardmheas ag na múinteoirí a thuairiscigh gur bhain siad úsáid as an PTS mar uirlis oideolaíoch chun feasacht teanga, eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha a fhorbairt agus labhair siad faoin tionchar dearfach a bhíonn aige ar fhorbairt fhoriomlán na scoláirí mar fhoghlaimeoirí teanga. Thug múinteoir amháin a leanas faoi deara:

> *Rannpháirtíocht dhearfach na scoláirí agus a gcruthaitheacht. Is mór an spreagadh dóibh cuntas a choinneáil dá bhfoghlaim féin. Chomh maith leis sin, is bealach iontach é seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an leathnú atá déanta acu ar stór focal agus ar an dul chun cinn atá déanta acu maidir lena máistreacht ar an teanga.*
> (Múinteoir, Fócasghrúpa Réigiúnach)

Cé go raibh comhdhearcadh ann go bhfuil poitéinseal suntasach ag an PTS do scoláirí úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama agus gur féidir leo tacú le cur chuige scoláire-lárnach i leith foghlaim agus teagasc teanga, níor leabaíodh na cleachtais a bhaineann le foghlaim punainne i ngnáthchleachtas an tseomra ranga.

Tháinig dhá théama chun cinn ón aiseolas maidir leis na dúshláin a bhaineann le PTS a fhorbairt. Ar an gcéad dul síos, thuairiscigh múinteoirí easpa soiléireachta maidir le coincheap PTS, rud a d'fhéadfadh a bheith ag teacht as an ainm *Punann Teanga an Scoláire* a thabhairt ar MRB 2. Ciallaíonn sé seo go bhfuil dhá bhrí ar leith leis an téarma Punann Teanga an Scoláire sa tsonraíocht: an pointe measúnaithe ag deireadh théarma 1 sa tríú bliain, chomh maith leis an bpróiseas punann a chruthú thar na trí bliana de Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Chreid go leor múinteoirí freisin go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh scoláirí a gcuid píosaí oibre a dhréachtú agus a athdhréachtú le linn tréimhse trí seachtaine a bhaineann le MRB 2. Is ábhar imní é seo a chuirtear in iúl san aighneacht i scríbhinn thíos:

> *Ceann de na chéad dúshláin a tháinig aníos do mhúinteoirí le Measúnú Rangbhunaithe 2: Bhain an éiginnteacht maidir le Punann Teanga an Scoláire leis an bpunann, an t-ainm céanna a bheith ar Phunann Teanga an Scoláire, agus ar an Measúnú Rangbhunaithe araon, agus leanann an éiginnteacht seo ar aghaidh. Déanann múinteoirí an dá cheann a chomhcheangal agus tharla sé go raibh sé réaduchtach i leith cleachtas maidir le foghlaim punainne i Nuatheangacha Iasachta mar, i gcás líon mór múinteoirí, is é cuspóir Phunann Theanga an Scoláire ná áit a chur ar fáil chun píosaí oibre a stóráil don Mheasúnú Rangbhunaithe.* (Aighneacht i scríbhinn, SSM)

D'athdhearbhaigh roinnt rannpháirtithe san athbhreithniú a n-imní maidir le rómheasúnú agus mhol siad MRB 2 a bhaint go hiomlán, agus mhol cuid eile go bhféadfaí MRB 2 a athdhearadh ina agallamh ó bhéal bunaithe ar obair ó phunanna scoláirí, ag feidhmiú chun tuiscintí maidir leis an bpunann a neartú agus an cur chuige cumarsáideach a threisiú.

Go ginearálta, cheap scoláirí a raibh taithí acu ar MRB 2 gur measúnú dearfach a bhí ann. Thaitin an ghné rogha leo go háirithe agus go bhféadfaidís díriú ar a gcuid láidreachtaí.

*Is maith an rud é go bhfuil rogha ann sa phunann chun an marc is fearr atá indéanta duit a bhaint amach.* (Scoláire, Cuairt Scoile)

Chomh maith leis sin, chonaic siad a bpunann mar uirlis athbhreithnithe chabhrach don scrúdú deiridh, cé gur thug scoláirí le fios freisin gur chóir go mbeadh dlúthcheangal níos mó idir a bpunann agus an scrúdú deiridh.

## Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí

Ó foilsíodh sonraíocht NTI in 2017, d'oibrigh CNCM le múinteoirí agus le scoláirí chun samplaí anótáilte d'obair scoláirí a chruthú chun tacú le múinteoirí maidir lena dtuiscint ar chaighdeáin agus ar ionchais. Bhí na samplaí seo ar fáil do mhúinteoirí ag [www.curriculumonline.ie](www.curriculumonline.ie). Thuairiscigh gach múinteoir a ghlac páirt san athbhreithniú gur bhain siad úsáid as na samplaí de shaothar na scoláirí ag pointe éigin agus bhí comhdhearcadh ginearálta ann gur tacaíocht an-úsáideach do mhúinteoirí a bhí sna samplaí. Thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh frustrachas orthu maidir le heaspa leanúnachais a bhraitear sna caighdeáin agus sna hionchais ar fud na gceithre theanga. Thuairiscigh go leor múinteoirí go raibh gá le tuilleadh samplaí agus go mbeadh na samplaí seo ar chomhchaighdeán ar fud na gceithre theanga. Bhí frustrachas éigin i measc múinteoirí i dtaca leis na samplaí sa bhanda "eisceachtúil ", mar ba chosúil go raibh siad neamhréalaíoch agus nach raibh siad insroichte d'fhormhór na scoláirí agus níor léirigh siad an teanga a úsáideadh sna Gnéithe Cáilíochta.

Thuairiscigh roinnt múinteoirí gur thóg siad a mbunachar féin de shamplaí cosúla d'obair scoláirí a thaispeánann siad do scoláirí anois, ag tuairisciú go n-oibríonn sé seo go han-mhaith chun MRBanna a léiriú.

## Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Bhí múinteoirí thar a bheith dearfach faoi chruinnithe AFMÁ, agus béim á cur acu orthu mar cheann de na hathruithe is dearfaí a tháinig chun cinn ó tugadh an Creat don tSraith Shóisearach isteach. Ba mhór acu an t-am le haghaidh idirphlé gairmiúil, cleachtas a roinnt chomh maith leis an deis chun caighdeáin oibre na scoláirí a phlé. Bhí na dúshláin maidir le AFMÁnna den chuid is mó ó thaobh na soláimhsitheachta de, go háirithe i gcás rannóga d'aon mhúinteoir amháin nach raibh aon mhúinteoirí eile den teanga chéanna sa cheantar.

*Is mise an t-aon mhúinteoir Gearmáinise i mo scoil. Níl sé idéalach ar cor ar bith comhghleacaí a fháil ó lasmuigh de mo scoil chun an cruinniú AFMÁ a dhéanamh leo, go háirithe má tá cúlra difriúil ag na scoileanna (m.sh., DEIS vs scoil dheonach). Mura bhfuil ann ach múinteoir amháin ba cheart gur leor a mbreithiúnas gairmiúil*

*féin ar na tuairiscíní, go háirithe más scrúdaitheoirí cainte don Ardteist iad agus go mbaintear úsáid astu chun obair na scoláirí a mheas.* (Múinteoir, Suirbhé)

Mhol roinnt múinteoirí go bhféadfadh AFMÁnna tarlú mar roinn NTI chun nach mbeadh orthu AFMÁ a shocrú le scoileanna éagsúla. Thuairiscigh siad go bhféadfaí treoir bhreise a chur san áireamh sna Treoirlínte Measúnaithe chun comhairle a thabhairt maidir le conas is féidir le scoileanna nach bhfuil ach múinteoir amháin teanga acu cruinniú AFMÁ a reáchtáil.

### An Tasc Measúnaithe

Cuireann an scoláire Tasc Measúnaithe (TM) foirmiúil scríofa i gcrích atá le cur faoi bhráid CSS lena mharcáil i dteannta an scrúdaithe deiridh do NTI. Is fiú 10% é de na marcanna a úsáidfear chun an grád a bhronnann CSS a oibriú amach. Toisc gurb é príomhaidhm an Tasc Measúnaithe an scoláire a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama teanga, tá na ceisteanna agus na freagraí i dteanga na scolaíochta.

Bhí an t-aiseolas ar an TM an-teoranta de bharr nár chríochnaigh scoláirí TM riamh a bhí marcáilte ag an CSS. Ní raibh taithí ag scoláirí ach ar an TM a chríochnú in 2020, nuair a cuireadh an scrúdú deiridh ar ceal.

Cé gur mhol roinnt múinteoirí gur chabhraigh sé le scoláirí feabhas a chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre, léirigh formhór na rannpháirtithe tuairimí diúltacha i leith an TM. Léiríodh imní go bhfuil an TM le déanamh i dteanga na scolaíochta, a dhéanann measúnú ar litearthacht na scoláirí sa Bhéarla, seachas ar a gcumas teanga. Moladh gur féidir leis sin 'cúltionchar' diúltach a chruthú sa seomra ranga, áit a bhfuil gá Béarla a labhairt seachas an sprioctheanga chun na scileanna a fhorbairt leis an tasc seo a chur i gcrích. Thuairiscigh go leor múinteoirí go bhfuil an TM seo éagothrom i gcás scoláirí BTB (Béarla mar Theanga Bhreise) agus go bhfuil scoláirí a bhfuil leibhéil ísle litearthachta acu faoi mhíbhuntáiste ar leith.

### An Scrúdú Deiridh

Thuairiscigh go leor múinteoirí agus scoláirí nach bhfuil ach taithí theoranta acu ar an scrúdú deiridh toisc nach ndearnadh é ach uair amháin, cé gur thuairiscigh múinteoirí aiseolas freisin ar an bpáipéar scrúdaithe samplach a foilsíodh in 2020.

Thuairiscigh na scoláirí go raibh an scrúdú sothuigthe, agus thaitin sé leo go raibh na ceisteanna scríofa leathan go leor. Thuairiscigh na scoláirí freisin go raibh an chluastuiscint ar an gcuid ba dhúshlánaí, cé gur aontaigh siad gur chuid fhiúntach den scrúdú a bhí ann. Nuair a rinneadh iniúchadh ar an mbealach a bhféadfaí é seo a fheabhsú, mhol na scoláirí gur mhaith leo díriú air seo níos mó le linn an ranga, ionas go bhféadfaidís dul i dtaithí ar chanúintí éagsúla agus ar chainteoirí éagsúla, rud a chuirfeadh lena scileanna tuisceana.

Labhair go leor múinteoirí go dearfach ar cheisteanna a thabhairt isteach sa sprioctheanga agus ar shothuigtheacht an scrúdaithe, rud a thug deis do gach scoláire gnóthachtáil ag leibhéal éigin. Bhí comhdhearcadh ginearálta ann gur feabhas dearfach ar scrúdú an Teastais Shóisearaigh a bhí in úsáid na sprioctheanga do cheisteanna tuisceana. I gcás go leor múinteoirí, áfach, ní dheachaigh sé sin fada go leor, agus mhol siad gur chóir go mbeadh níos mó ceisteanna, nó gach ceist, sa sprioctheanga. Leag múinteoirí béim arís ar an éagothromaíocht a bhaineann le ceisteanna atá scríofa i mBéarla do scoláirí BTB agus do scoláirí a bhfuil leibhéil ísle litearthachta acu i mBéarla.

Bhreathnaigh go leor múinteoirí ar an scrúdú comónta mar scrúdú a bhí níos cuimsithí, go teoiriciúil. Mar sin féin, go praiticiúil, chruthaigh sé go leor dúshlán do mhúinteoirí a thug faoi deara go mbíonn an-deacracht ag scoláirí a bhíonn ag streachailt le NTI le gnéithe áirithe den scrúdú, cé nach gcuireann an scrúdú dúshláin go leor roimh scoláirí atá ar fheabhas ag NTI. Mhol múinteoirí go bhféadfaí feabhas a chur air seo.

> *Tá coincheap an pháipéir chomónta iontach ó thaobh na ionchuimsitheachta de, ach ní chuireann sé dúshlán roimh na scoláirí is fearr. Ní mór don pháipéar seo a léiriú.* (Múinteoir, Suirbhé)

Thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh na bandaí gráid sa scrúdú deiridh ró-leathan, go háirithe an banda 'pas le gradam', ag rá nach dtugann sé dóthain eolais ar a bhfuil bainte amach ag an scoláire, agus go ndearna sé seo scoláirí a dhíspreagadh. Chuir na scoláirí na mothúcháin seo in iúl go pointe áirithe.

Ábhar imní suntasach eile a thug na freagróirí chun solais ná an easpa leanúnachais a bhraitear idir na teangacha. Bhí frustrachas ar mhúinteoirí mar gheall ar na difríochtaí idir na hionchais do theangacha éagsúla, agus thuairiscigh go leor acu go raibh an scrúdú i roinnt teangacha níos deacra ná cinn eile.

> *Tuairiscíonn múinteoirí go mbaineann an-chuid frustrachais leis an difríocht idir caighdeán agus struchtúr idir na 4 scrúdú. Braitheann siad gur cheart go mbeadh fad agus leibhéal comhchosúil ag baint leis na scrúduithe NTI uilig, ach go bhfuil difríocht shuntasach eatarthu i láthair na huaire, rud atá míchothrom, cé go bhfuil sonraíocht ábhair chomónta ag gach ceann de na ceithre cinn.* (Aighneacht i scríbhinn, SSM)

Bhí comhdhearcadh ann nach léiríonn an scrúdú deiridh, ón taithí atá againn air go dtí seo, na torthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe den tsonraíocht. Thuairiscigh go leor múinteoirí bearna idir an chruthaitheacht, an t-eolas saibhir soch-chultúrtha agus an fheasacht idirchultúrtha a bhfuil sé mar aidhm ag an tsonraíocht a fhorbairt, agus an scrúdú deiridh.

> *D'fhéadfadh níos mó oscailteachta a bheith ann do scoláirí. D'fhéadfadh sé a bheith níos cruthaithí; is cosúil go bhfuil sé ag plé leis na téamaí céanna. Is féidir le múinteoirí an chiall a bhaint as gur féidir leo díreach an rud céanna a mhúineadh agus an oiread sin deiseanna cruthaitheachta ann sa chúrsa.* (Múinteoir, Fócasghrúpa Réigiúnach)

Thuairiscigh roinnt múinteoirí an tionchar diúltach a bhíonn aige seo ar fhoghlaim agus ar theagasc. Luaigh go leor scoláirí an tuairim seo freisin, scoláirí a thuairiscigh gur bhain siad an-taitneamh as a bheith ag foghlaim faoi na tíortha agus na cultúir a bhaineann leis an spriocteanga ach thuairiscigh siad nár léiríodh é seo mar is cóir sa scrúdú.

Thuairiscigh na scoláirí go raibh tionchar mór ag an scrúdú ar an mbealach ar fhoghlaim siad, go háirithe sa 3ú Bliain. Thuairiscigh go leor acu go raibh míreanna a bhí le foghlaim de ghlanmheabhair, páipéir scrúdaithe agus scrúduithe seachtainiúla a bhí le críochnú mar ghnáthchuid de chleachtas an tseomra ranga. Thuairiscigh cuid acu go raibh sé seo úsáideach don

scrúdú, agus thuairiscigh cuid eile gur mhaith leo níos mó a fhoghlaim faoi chultúr na sprioctheanga agus níos mó obair thionscadail a dhéanamh.

Cé gur thuairiscigh formhór na scoláirí go raibh foghlaim ó thaithí agus obair thionscadail níos taitneamhaí agus níos tarraingtí, ba mhór acu freisin go raibh siad ullmhaithe don scrúdú deiridh. Bhraith siad gur chabhraigh trialacha agus bréagscrúduithe leo an imní thart ar an scrúdú deiridh a laghdú agus go raibh siad ina gcabhair maidir le rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn.

## Aiseolas agus tuairisciú

Bhí comhdhearcadh ginearálta ann ar fud gach modh rannpháirtíochta go raibh tionchar dearfach ag tabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach ar theanga an tuairiscithe. Thuairiscigh múinteoirí gur bhain siad úsáid as aiseolas níos mionsonraithe ina dtuairisciú, rud a bhraith siad a bhí ina athrú dearfach. Thuairiscigh go leor daoine gur thug siad teanga na dtorthaí foghlama isteach, chomh maith leis na Gnéithe Cáilíochta mar chuid dá n-aiseolas agus dá dtuairisciú do scoláirí. Thug siad faoi deara freisin, cé go raibh sé seo deacair i dtús báire, go mbraitheann siad níos compordaí anois leis an teanga seo.

Mar a luadh níos luaithe, tá fianaise ann go bhfuil an-chur amach ag scoláirí ar theanga an mheasúnaithe mhúnlaithigh. Thuairiscigh roinnt scoláirí go bhfuair siad aiseolas rialta, ó bhéal agus i scríbhinn óna múinteoir a chabhraigh leo feabhas a chur ar a gcuid oibre. Thuairiscigh daoine eile go bhfuair siad aiseolas cabhrach ina dtuarascálacha scoile, ach go mbainfidís tairbhe as an gcineál aiseolais seo ar thascanna agus obair bhaile.
Thuairiscigh múinteoirí méadú ar an úsáid a bhain siad as measúnú múnlaitheach ó tugadh isteach an tsonraíocht nua. Thuairiscigh siad méadú ar úsáid intinní foghlama agus ar chritéir ratha chomh maith le méadú ar an úsáid a bhaineann siad as aiseolas saincheaptha do scoláirí ar a gcuid foghlama. Thuairiscigh go leor múinteoirí go raibh sé seo cabhrach, cé go ndúirt cuid acu go dtógann sé i bhfad níos mó ama aiseolas a thabhairt ar an mbealach seo. Luaigh go leor múinteoirí go mbaineann siad úsáid níos mó as aiseolais atá dírithe ar fhoghlaim i dtuarascálacha agus i gcruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí, agus d'fhéach cuid acu ar theanga na dtorthaí foghlama go díreach chun tacú leo a gcuid aiseolais a chur le chéile.

Na Gnéithe Cáilíochta

Thug go leor freagróirí suntas do ról na Gnéithe Cáilíochta do MRBanna maidir le haiseolas do scoláirí a fheabhsú. Tugadh le fios go raibh siad úsáideach agus soiléir agus gur chabhraigh siad le múinteoirí lena measúnú féin ar MRB 1, chomh maith le haiseolas a bhaineann leis an obair a chríochnaigh na scoláirí a chur ar fáil. Thuairiscigh múinteoirí teanga gur bhain siad úsáid as na Gnéithe Cáilíochta le scoláirí agus le gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí.

*Sílim gur gné an-úsáideach agus dearfach den MRB iad na Gnéithe Cáilíochta.*
(Múinteoir, Suirbhé)

*[Is iad na Gnéithe Cáilíochta] an chuid is fearr de na MRBanna dar liom agus bhí an oiliúint a ghabh leo ar fheabhas ar fad.* (Múinteoir, Suirbhé)

Bhraith roinnt rannpháirtithe go raibh sé dúshlánach na Gnéithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm, de bharr an nádúr ginearálta a bhaineann leo go háirithe. Breathnaíodh air seo den chuid is mó mar

ghné dhiúltach do mhúinteoirí a raibh baint acu le cothromas idirscoile. Thuairiscigh cuid acu go raibh an measúnú ar MRB 1 agus bronnadh tuairiscíní éagsúil ó scoil go scoil, agus bhí sé deacair ar mhúinteoirí tuairiscíní a mhíniú nó a bhronnadh ar scoláirí.

Luaigh múinteoirí dhá ábhar imní ar leith faoi fhoclaíocht a bhain leis an nGné Cháilíochta do MRB 1. Ar an gcéad dul síos, ní dhéanann an Ghné Cháilíochta idirdhealú go leor ar scoláire a léann go díreach ó script. Moladh go mbeadh sé ina chabhair dá mbeadh tagairt d'úsáid leideanna scríofa sa Ghné Cháilíochta. Ar an dara dul síos, léirigh múinteoirí an tuairim nach ndearna an Ghné Cháilíochta beart i bhfabhar na cruthaitheachta agus na fíorchumarsáide.

*Ar chóir go mbeadh cruthaitheacht mar chuid de na Gnéithe Cáilíochta mar beidh tuairiscíní níos fearr ag scoláirí mo chomhghleacaithe i mo AFMÁ. Níl sé seo cothrom tar éis do thrí thopaic a bheith brúite orthu.* (Múinteoir, Fócasghrúpa Réigiúnach)

Agus bronnadh an leibhéil gnóthachtála MRB 1 á phlé, bhí roinnt múinteoirí ag streachailt le hidirdhealú a dhéanamh idir obair a mheastar atá "Os cionn na n-ionchas" agus obair a ndéantar cur síos uirthi mar "Thar barr ar fad". Bhraith siad go raibh na difríochtaí a bhfuil cur síos orthu sna Gnéithe Cáilíochta an-bheag, ach níor léirigh teanga na dtuairiscíní é sin i gcónaí. Ní raibh cuid acu compordach leis na tuairiscíní "Ag teacht leis na hionchais" agus "Níor chomhlíon na hionchais go fóill" agus bhraith siad go raibh an teanga seo díobhálach d'fhéinmhuinín daoine óga. Ceann de na hábhair imní a d'ardaigh múinteoirí agus scoláirí ná an easpa cur amach a bhí ag tuismitheoirí ar an téarmaíocht nua, teanga na dtuairiscíní san áireamh, agus ba dheacracht é sin uaireanta.

Tá taithí an-teoranta ag go leor rannpháirtithe ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS), agus ba é an comhdhearcadh ginearálta ná go dteastaíonn níos mó ama chun é seo a dhaingniú. Thuairiscigh siad go raibh cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí an-chabhrach leis na socruithe measúnaithe a mhíniú do thuismitheoirí ach go raibh tionchar ag paindéim Covid-19 ar chruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí aghaidh ar aghaidh agus go mbeadh níos mó ama ag teastáil ó thuismitheoirí chun dul i dtaithí ar na hathruithe.

Léirigh scoláirí frustrachas freisin maidir leis an moill ama a bhaineann lena PGSS a fháil. Thuairiscigh siad den chuid is mó go raibh dearmad déanta acu faoina MRB faoin am a bhfuair siad a PGSS, agus nach raibh mórán luacha leis i ndáiríre. Thuairiscigh scoláirí eile go bhfuair siad a dtuairiscín tar éis chruinniú AFMÁ na múinteoirí. Ba rud dearfach é seo, dar le scoláirí de bharr go raibh cuimhne acu go fóill ar a MRB agus bhraith siad go raibh an t-aiseolas úsáideach.

Léiríodh roinnt imní faoi ghnéithe a bhain le socruithe an scrúdaithe deiridh, lena n-áirítear an deacracht a bhraitear i scoláirí a bhain an grád 'Pas le gradam' amach, agus an tuiscint go raibh bandaí tuairiscín eile ró-leathan.

## Úsáid na teicneolaíochta

Cuireadh dearcthaí éagsúla ar fáil maidir le teicneolaíocht, ag brath ar na hacmhainní digiteacha a bhíonn ar fáil i scoileanna. Bhí tuiscint shoiléir ann gur féidir le teicneolaíocht deiseanna ollmhóra a chur ar fáil d'fhoghlaim agus do mheasúnú teanga, agus go raibh tionchar dearfach ag Covid-19 sa réimse seo. Mar sin féin, tá gá i gcónaí le tacaíocht FGL in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha.

*Tá go leor deiseanna ann leis na gnéithe is fearr den teicneolaíocht a chomhtháthú i bhfoghlaim na scol, rud a dhéanfadh a gcuid foghlama níos tarraingtí.* (Múinteoir, Suirbhé)

## Leithdháileadh ama

Léirigh go leor múinteoirí gur mhian leo méadú a dhéanamh ar an leithdháileadh ama a n-ábhar. Tuairiscíonn siad go mbíonn orthu léim thar ghnéithe de thorthaí foghlama áirithe mar gheall ar an leithdháileadh atá ann faoi láthair. Sa chás go dtarlaíonn sé seo, thuairiscigh múinteoirí go bhfuil sé de nós acu díriú ar eolas agus scileanna atá ag teastáil don scrúdú deiridh, rud a bhaineann d'fhorbairt ar inniúlacht ó bhéal agus ar eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha.

## Príomhscileanna

Bhraith go leor freagróirí gur fhorbairt dhearfach a bhí i bpríomhscileanna a chuimsiú sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015. Braitheadh go raibh forbairt na bpríomhscileanna seo ríthábhachtach chun cur le cumas na scoláirí a gcuid muiníne a mhéadú agus chun ullmhú don saol tar éis na hiar-bhunscoile.
Mheas go leor freagróirí go raibh Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí ag teacht go cuí le sonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Tharraing go leor daoine aird ar na príomhscileanna a bhaineann le Cumarsáid, A bheith cruthaitheach agus Ag obair le daoine eile, agus an bhéim ba mhó á cur ar thábhacht an PTS, ar réiteach fadhbanna agus ar mhachnamh. Luaigh go leor na MRBanna freisin mar dheiseanna úsáideacha chun príomhscileanna a fhorbairt agus a léiriú. Mhol roinnt múinteoirí go mb'fhéidir go mbeadh gá le soiléiriú breise ar an nasc idir Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí agus Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí, agus go raibh gá le tuilleadh tacaíochta do mhúinteoirí chun na scileanna seo a fhorbairt sa seomra ranga NTI.

## Ionchuimsiú

Bhí freagraí measctha ann ar cheisteanna maidir le hionchuimsiú. Ba mhinic gur baineadh ciall as téama an ionchuimsithe trí lionsa an scrúdaithe deiridh, agus is minic a dhéantar tagairt don chúrsa agus don scrúdú ar bhealach inmhalartaithe. Bhí roinnt freagróirí an-dearfach faoi shonraíocht NTI agus faoi ionchuimsiú, rud a thug le tuiscint go bhfuil an tsonraíocht chomónta an-oiriúnach do ranganna cumais mheasctha. Thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh na torthaí foghlama de nádúr ionchuimsitheach. Thagair múinteoirí eile do ranganna móra agus do shrianta ama mar bhacainní ar thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú. Chuir múinteoirí in iúl go bhfuil gá le tacaíocht níos spriocdhírithe agus acmhainní nithiúla ar féidir iad a úsáid sa seomra ranga NTI chun tacú le hionchuimsiú.

Ní raibh daoine eile i bhfabhar sonraíocht chomónta agus b'fhearr leo filleadh ar dhá leibhéal, agus frustrachas orthu mar gheall ar an easpa tacaíochta a chuirtear ar fáil sa réimse seo.

*Tá sé an-deacair cumas measctha a mhúineadh (...) táim tar éis filleadh ar an seanchúrsa a mhúineadh ar an seanbhealach ar an drochuair. Déanann sé torthaí a ghnóthachtáil.* (Múinteoir, Suirbhé)

Nuair a cuireadh ceist orthu faoina dtaithí ar an gClár Foghlama Leibhéal 2, thuairiscigh formhór na rannpháirtithe nach raibh aon taithí acu ar an gclár seo.

Leag múinteoirí de scoláirí a leanann CFL2 agus a dhéanann staidéar ar ghnéithe de shonraíocht NTI ag Leibhéal 3, leag siad béim ar an bpróiseas pleanála agus ar an easpa acmhainní atá ar fáil ar na dúshláin is mó. Thug roinnt múinteoirí le fios go raibh sé an-deacair acu an CFL2 a thuiscint go fóill. Tá an bhraistint chéanna in aighneacht i scríbhinn ón PPLI a thugann le tuiscint go bhféadfadh samplaí ratha agus treoirlínte praiticiúla do mhúinteoirí NTI agus do pháirtithe leasmhara eile i scoileanna a bheith ina gcabhair maidir leis seo.

## Tacaíochtaí i nGaeilge

Léirigh múinteoirí a bhíonn ag múineadh i scoileanna lán-Ghaeilge gur mhian leo tuilleadh tacaíochta a fháil trí mheán na Gaeilge. Bhí an bhraistint chéanna san aighneacht scríofa ó COGG a mhaígh go bhfuil gá le tacaíochtaí breise i scoileanna T1 agus T2 na tíre chun an tsonraíocht a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus í a dhaingniú níos fearr i gcomhthéacs dátheangach na hÉireann.

## An tAistriú go dtí an tSraith Shinsearach

Bhí braistint láidir ann nach féidir beag is fiú a dhéanamh de thionchar Covid-19 ar scoláirí a chríochnaigh Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí le déanaí. Thuairiscigh múinteoirí bearna san eolas agus sna scileanna atá riachtanach don tsraith shinsearach. Thuairiscigh daoine nach raibh foghlaim NTI na scoláirí sa tsraith shóisearach ag teacht le foghlaim na sraithe sinsearaí. Tugadh faoi deara go bhfuil fócas láidir anois ar fhoghlaim scoláire-lárnach sa tSraith Shóisearach , agus ní léirítear é seo sa tSraith Shinsearach, áit a bhfanann an fócas ar an scrúdú deiridh.

## Léargais luatha, moltaí agus na chéad chéimeanna eile

Ba mhaith le CNCM aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na scoláirí agus na páirtithe leasmhara eile a chuir leis an athbhreithniú seo. Thug a gcuid aiseolais an-léargas ar an gcaoi ar cuireadh sonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm agus an taithí a fuair daoine uaithi.

Cuimhnítear sa chuid seo den tuairisc ar an aiseolas ón athbhreithniú chun croí-léargais agus moltaí a aithint. Dá bharr seo, is gá a leanas a aithint: is próiseas casta é an t-athrú curaclaim agus glacann sé am é a bhaint amach; agus ní raibh an taithí bheartaithe ag na múinteoirí ná ag aon chohórt scoláirí ar an gcuraclam agus ar na socrúcháin mheasúnaithe mar gheall gur chuir an phaindéim isteach air seo. Ina theannta sin, is gá an iarracht iontach a rinne múinteoirí NTI chun tacú le rannpháirtíocht an scoláire leis an gcuraclam nua le linn cúrsaí an-dúshlánach a aithint.

Fiosraítear an t-aiseolas faoi dhá cheannteideal:

- aiseolas a bhaineann go díreach le NTI na Sraithe Sóisearaí
- aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015).

### Aiseolas a bhaineann go díreach le NTI na Sraithe Sóisearaí

Agus machnaimh á dhéanamh ar an aiseolas a bailíodh le linn an athbhreithnithe, tá fianaise ann de léiriú rathúil na sonraíochta agus go bhfuil na cleachtais ranga agus eispéiris an scoláire ag forbairt i gcónaí. Thug anailís ar an aiseolas ón athbhreithniú an méid seo a leanas le tuiscint:

- ghlac scoláirí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara níos leithne go dearfach le príomhghnéithe na sonraíochta, lena n-áirítear an fócas méadaithe ar inniúlacht ó bhéal, ar chruthaitheacht, agus ar an bhforbairt ar eolas shoch-chultúrtha agus ar fheasacht idirchultúrtha.
- tá múinteoirí tar éis leathnú a dhéanamh ar a gcur chuige maidir le measúnú agus cuimsíonn siad measúnuithe níos éagsúla anois, lena n-áirítear tascanna agus tionscadail phraiticiúla, leathnú a nglacann na scoláirí leis go dearfach
- tá múinteoirí ag tabhairt níos mó aiseolas foirmitheach don scoláire, rud a bhfuil na scoláirí buíoch as
- tá an scoláire ag baint taitneamh as na deiseanna a chuireann MRB 1 ar fáil, lena n-áirítear an tsaoirse a bhaineann le smaointe a fhiosrú agus a chuid oibre féin a chur i láthair
- tá múinteoirí tar éis dul i ngleic go fiúntach le pleanáil chomhoibríoch agus tá siad an-dearfach faoin bpróiseas AFMÁ.

Beidh an t-aiseolas a leagtar amach sa tuarascáil seo mar bhonn eolais d'fhorbairt curaclaim NTI na Sraithe Sóisearaí amach anseo.

**Tábla 5: Dúshláin a aithníodh agus na freagraí molta**

| Dúshlán a aithníodh | Freagairt mholta |
|---|---|
| Tá roinnt gnéithe den teanga agus den téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht nach bhfuil ag teacht leis na forbairtí is déanaí in FTCE | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an tsonraíocht chun an teacht le chéile a fheabhsú agus breithniú a dhéanamh ar ghluais téarmaí a chur sa tsonraíocht NTI chun príomhthéarmaí a mhíniú. |
| Ní léiríonn na heiseamláirí sa tsonraíocht cur chuige atá dírithe ar ghníomhaíocht mar a mholtar anois in FTCE | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na heiseamláirí sa tsonraíocht agus forbairt ar ábhar treorach a mheas chun tacú le pleanáil le torthaí foghlama. |
| Tá níos mó soiléireachta ag teastáil maidir le ról na dteangacha aonair laistigh den tsonraíocht NTI agus ar cad is ciall leis seo do phleanáil chomhoibríoch agus aonair | Déan seo a soiléiriú maidir leis an réasúnaíocht atá ann le haghaidh sonraíocht NTI chomónta agus mínigh cad is ciall leis seo maidir le pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú i ngach teanga ar leith. |
| D'fhéadfaí soiléireacht roinnt torthaí foghlama a fheabhsú. | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an tsonraíocht chun soiléireacht na dtorthaí foghlama a fheabhsú, go háirithe iad siúd a aithníodh le linn an athbhreithnithe go raibh dúshlán ag baint leo ó thaobh pleanála le haghaidh teagaisc agus foghlama, cinn a bhfuil sé dúshlánach measúnú a dhéanamh orthu. |
| Tá gá le tagairt a dhéanamh don chruthaitheacht agus don fhíorchumarsáid, chomh maith le leideanna scríofa a úsáid sa Ghné Cháilíochta do MRB 1. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an teanga a úsáidtear sna Gnéithe Cáilíochta uilig do MRB 1 le soiléireacht a fheabhsú. |
| Tá éiginnteacht éigin ann idir ról phunann teanga an scoláire (PTS) sa teagasc agus san fhoghlaim agus ról an PTS in MRB2. | Athraigh ainm MRB 2 ó "Phunann Teanga an Scoláire" go "Punann Teanga an Scoláire á Cur i Láthair".<br><br>Treoirlínte punainne a fhorbairt agus a fhoilsiú chun tacú le forbairt an PTS ón 1ú Bliain. |
| Tá an inniúlacht teanga ó bhéal atá riachtanach do MRB 1 an- | Déan athmhachnamh ar ord MRB 1 agus MRB 2. |

| | |
|---|---|
| dúshlánach tar éis 1.5 bliain d'fhoghlaim teanga. | Déan an ról a bhaineann le téacsanna ó bhéal a chruthú don PTS agus i MRB 2 a shoiléiriú agus tabhair comhairle maidir le conas is féidir iad a úsáid le forbairt a dhéanamh ar inniúlacht ó bhéal le linn na Sraithe Sóisearaí. |
| Tá samplaí breise d'obair scoláirí ag teastáil chun tacú le múinteoirí dul i ngleic le MRBanna agus i gcruinnithe AFMÁ. | Bheith ag obair in éineacht le scoileanna agus páirtithe leasmhara chun réimse níos leithne shamplaí oibre an scoláire thar na leibhéil éachta uilig a fhorbairt, a dhearbhú ó thaobh cáilíochta de agus a fhoilsiú.<br><br>Cuspóir na samplaí seo a shoiléiriú sna Treoirlínte Measúnaithe agus ar curriculumonline.ie.<br><br>Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Threoirlínte Measúnaithe chun comhairle a thabhairt leis maidir le AFMÁnna a chur leis an amchlár do scoileanna múinteoirí aonair. |

## Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015).

Is fiú a lua go bhfuil léargais an athbhreithnithe seo a bhaineann le cur i bhfeidhm níos leithne FWJC15 ag déanamh athrá ar go leor de na léargas ó na hathbhreithnithe ar ábhair eile na sraithe sóisearaí. Lena chois sin, baineann na léargais seo le cuid de na téamaí a eascraíonn ón taighde fadama ar chur i bhfeidhm agus tionchar FWJC15. É sin ráite, cuireann siad dearcadh sainiúil d'ábhar ar leith ar fáil a chuireann tuilleadh eolais ar fáil ar chuid de na téamaí a thagann ón taighde sin.

Tuairiscítear na léargais leagtha amach thíos ar mhaithe le machnamh na bpáirtithe leasmhara uilig a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach.

### Am gairmiúil agus pleanáil

Tugadh am gairmiúil isteach do mhúinteoirí chun tacú le scoileanna agus iad ag cur an Creat don tSraith Shóisearach i bhfeidhm. Cuireann múinteoirí an-luach leis an am seo agus chun tacú le pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú. Chuirfeadh múinteoirí NTI na Sraithe Sóisearaí fáilte roimh thuilleadh ama don phleanáil agus treoir ar an mbealach ar cheart pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú, lena n-áirítear comhtháthú torthaí foghlama thar na trí shnáithe agus comhtháthú príomhscileanna.

### Measúnú agus tuairisciú

Chuir múinteoirí fáilte roimh an gcur chuige níos leithne don mheasúnú sa tSraith Shóisearach, ach mar sin féin, ní chiallaíonn sé sin nach mbaineann aon dúshlán leis.

Bhí an t-aistriú chuig scrúdú ag leibhéal comónta sách dúshlánach do mhúinteoirí. D'fhéadfadh go mbeadh sé cabhrach míniú ní ba shoiléire a chur ar fáil don réasúnaíocht don aistriú ó dhá leibhéal (ardleibhéal agus gnáthleibhéal) chuig leibhéal comónta.

Ceistíodh úsáid na teanga difriúla chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála sna MRBanna agus sna Scrúduithe Deiridh, agus cáineadh an banda 'Pas le gradam' teoranta de bharr go laghdaíonn sé líon na scoláirí ar bronnadh an leibhéal gnóthachtála is airde orthu.

Tugann aiseolas ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí le fios go bhfuil gá le PGSSanna a chur amach níos luaithe agus go bhfuil gá le tuilleadh tacaíochtaí chun a tábhacht a mhíniú do thuismitheoirí.

### Cruinnithe AFMÁ

Is féidir leis a bheith deacair cruinnithe AFMÁ a chur sa chlár ama, go háirithe do scoileanna nach bhfuil ach aon mhúinteoir amháin acu in NTI ar leith, a bhainfeadh tairbhe as comhairle bhreise agus tacaíocht le cruinniú AFMÁ a eagrú mar chuid den amchlár le múinteoirí óna scoil féin nó ó scoil(eanna) eile.

### Tacaíochtaí do Thuismitheoirí/ Chaomhnóirí

Chuirfí fáilte roimh fheachtas faisnéise do thuismitheoirí chun tacú leo tuiscint a fháil ar na cuir chuige nua i leith an mheasúnaithe agus an córas grádaithe nua do MRBanna agus don scrúdú deiridh.

## Na Chéad Chéimeanna Eile

Bunaithe ar na léargais agus moltaí atá leagtha amach thuas, agus le srianta an athbhreithnithe ar léargais luatha seo ar eolas, moltar na chéad chéimeanna eile a leanas:

- Déan Meitheal Forbartha NTI na Sraithe Sóisearaí a thionól chun na freagraí molta atá leagtha amach san Achoimre atá ceangailte leis an tuarascáil seo a chur chun cinn
- Roinnfear an t-aiseolas ón athbhreithniú leis na páirtithe leasmhara uilig a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm FWJC15.
- Déanfaidh an Fheidhmeannacht, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha, athbhreithniú agus forbairt ar threoir agus tacaíochtaí mar a leagtar amach i dTábla 5 thuas.

# Aguisín 1: Treoir d'athbhreithniú NTI na Sraithe Sóisearaí

Ag eascairt ón athbhreithniú cur i bhfeidhm luath NTI na Sraithe Sóisearaí (2023), tionólfar meitheal forbartha chun tabhairt faoin tasc athbhreithniú a dhéanamh ar an tsonraíocht churaclaim do NTI na Sraithe Sóisearaí (2017) mar fhreagairt ar na léargais agus na moltaí sa tuarascáil seo.

Tá an Treoir seo ag teacht ó na moltaí i dTábla 5 a bhaineann go díreach leis an tsonraíocht churaclaim agus tá sé deartha chun an bonn a chur ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar shonraíocht churaclaim NTI na Sraithe Sóisearaí. Beidh obair na meithle forbartha ag teacht leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) agus leis an bhfoirm theicniúil a ghabhann le sonraíochtaí curaclaim, mar atá mínithe thíos.

Cuirfear an tsonraíocht ar fáil ag leibhéal comónta.

Dearfar í chun í a theagasc in 200 uair an chloig ar a laghad agus beidh na codanna seo a leanas san áireamh ann:

**Tábla 5: Gnéithe de shonraíochtaí curaclaim na sraithe sóisearaí**

| Roinn | | Cad a bheidh inti |
|---|---|---|
| 1 | Intreoir don tsraith shóisearach | Intreoir chomónta a bheidh inti do gach sonraíocht agus tabhair achoimre ar na príomhghnéithe den *Chreat don tSraith Shóisearach* |
| 2 | Réasúnaíocht | Déanfar cur síos anseo ar chineál agus ar chuspóir an ábhair chomh maith leis na riachtanais agus na hinniúlachtaí ginearálta a bheidh ar scoláirí a léiriú agus a n-éileoidh sé orthu.<br>Déanfar iarracht sa téacs, mar is cuí, aird a tharraingt ar dhúshláin agus ar aon cheist rochtana a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an ábhar do scoláirí a bhfuil sainriachtanais acu nó do scoláirí faoi mhíchumais. |
| 3 | Aidhm | Tabharfar cur síos gonta anseo ar aidhm an ábhair. |
| 4 | Naisc le<br>Na ráitis foghlama, Príomhscileanna agus na sé tháscaire Folláine | Aibhseofar agus míneofar anseo an chaoi a nasctar an t-ábhar le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc sa tsraith shóisearach. |
| 5 | Léargas Ginearálta ar an gCúrsa | Léireoidh forbhreathnú ar an ábhar an chaoi a n-eagraítear é agus leagfar amach ann, i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama, an fhoghlaim a bhíonn i gceist. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Leagann an chuid seo béim freisin ar leanúnachas agus ar dhul chun cinn ó chéimeanna níos luaithe oideachais agus ar dhul chun cinn go dtí an tsraith shinsearach. Ina theannta sin, tugtar breac-chuntas gonta sa chuid seo ar cur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a d'fhéadfadh a bheith cabhrach do mhúinteoirí agus an tsonraíocht seo á cur i bhfeidhm. |
| 6 | Ionchais maidir le scoláirí | Ba cheart go n-aireofaí breac-chuntas gairid maidir le bunús an tsnáithe sa bhreac-chuntas ar an snáithe. Tabharfaidh na torthaí foghlama achoimre ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar na nuatheangacha iasachta sa tsraith shóisearach. Déanfar Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí a dhaingniú i dtorthaí foghlama na sonraíochta, mar is cuí. Ba cheart do na torthaí foghlama bheith fairsing go leor chun ligean le gach foghlaimeoir iad a ghnóthachtáil ach ba chóir dóibh go leor sainghnéithe a chur ar fáil chun a chinntiú, den chuid is mó, gur féidir iad a thomhas agus a mheasúnú. |
| 7 | Measúnú agus tuairisciú | Tagraíonn an roinn seo do mheasúnú foirmitheach agus do mheasúnú suimitheach araon. Tugtar breac-chuntas ann ar na comhpháirt(eanna) measúnaithe trína gcuirfidh scoláirí fianaise ar fhoghlaim i láthair ar bhonn leanúnach, agus ar mhaithe le gnóthachtáil a thaifeadadh le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Cuirtear leis an gcur síos seo ar an measúnú trí shonraíochtaí measúnaithe agus trí threoirlínte ar leithligh. |
| | Aguisíní | De réir mar is gá. |

Déanfar leasuithe agus nuashonruithe ar chodanna 4, 5, 6, agus 7 de shonraíocht churaclaim NTI na Sraithe Sóisearaí (2017), chomh maith leis na haguisíní de réir na moltaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo.

Go sonrach, déanfaidh an t-athbhreithniú ar an tsonraíocht breithniú ar na nithe seo a leanas agus tabharfar aghaidh orthu:

**Tábla 6: Leasuithe agus nuashonruithe ar shonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí**

| | |
|---|---|
| Téarmaíocht agus teanga | • Cuirfear na forbairtí is déanaí sa téarmaíocht a úsáidtear i CV FTCE san áireamh<br>• Cuirfear gluais téarmaí sa tsonraíocht NTI chun príomhthéarmaí a mhíniú.<br>• Déanfar athbhreithniú ar na heiseamláirí sa tsonraíocht le cur chuige atá dírithe ar ghníomhaíocht a léiriú. |
| Measúnuithe Rangbhunaithe | • Déan machnamh ar ainm MRB 2 a athrú ó "Phunann Teanga an Scoláire" go "Punann Teanga an Scoláire á Cur i Láthair".<br>• Déan athmhachnamh ar ordú MRB 1 agus MRB 2 agus sin á dhéanamh agat, déan iniúchadh ar bhealaí inar féidir le MRB 1: Cumarsáid ó Bhéal feabhas a dhéanamh ar agus tacú le cumas labhartha na scoláirí.<br>• An ról a bhaineann le téacsanna ó bhéal a chruthú a shoiléiriú agus tabharfar comhairle maidir le conas is féidir iad a úsáid le forbairt a dhéanamh ar inniúlacht ó bhéal le linn na Sraithe Sóisearaí. |
| Gnéithe agus torthaí foghlama | • Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar na gnéithe agus ar na torthaí foghlama gaolmhara i snáithe 1 le hathruithe ar CV FTCE a léiriú<br>• Cuirfear feabhas ar shoiléireacht na dtorthaí foghlama sonracha a aithníodh san athbhreithniú. |

Beidh obair na Meithle Forbartha a bhaineann le NTI na Sraithe Sóisearaí bunaithe, sa chéad dul síos, ar an treoir seo. Agus an mheitheal i mbun oibre agus plé, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a mhionleasú agus pointí eile a chur leis an treoir. Cuirfear an tsonraíocht nuashonraithe i láthair don Chomhairle i R4, 2024 le haghaidh comhairliúcháin.

# Tagairtí


Comhairle na hEorpa (2001) An Fráma Tagartha Comónta Eorpach. Foilsitheoireacht Chomhairle na hEorpa
Ar fáil ar https://rm.coe.int/16802fc1bf

Comhairle na hEorpa (2020) An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc, Measúnú - Comhleabhar. Foilsitheoireacht Chomhairle na hEorpa.
Ar fáil ar https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages

An Roinn Oideachais (2017) Sonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ar: JC_MFL_Assessment_Guidelines_GA.pdf (curriculumonline.ie)

An Roinn Oideachais (2015) Creat don tSraith Shóisearach. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: Creat don tSraith Shóisearach 2015 (ncca.ie)

CMCN (2019) Treoirlínte Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí don Tasc Measúnuithe agus Measúnaithe Rangbhunaithe. Ar fáil ar: treoirlinte-measunaithe-nti.pdf (jct.ie)

CNCM (2022) Plean Straitéiseach 2022-2025. Ar fáil ar: Plean Straitéiseach 2022–2025 | CNCM

CNCM (2023) Straitéis Taighde 2023-2026. Ar fáil ar: Straitéis Taighde CNCM, 2019–2021

